Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0195(NLE)**

**11378/23**
**ADD 1**

**JUSTCIV 96**
**CONSOM 261**
**MARE 15**
**COMER 89**
**RELEX 837**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 343 final - Iarscríbhinn 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE i dtaca le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 343 final - Iarscríbhinn 1.

---

Faoi iamh: COM(2023) 343 final - Iarscríbhinn 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2023
COM(2023) 343 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**i dtaca le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022**

## IARSCRÍBHINN I

**Dearbhú de bhun Airteagal 18(2) maidir le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar ábhair atá faoi rialú Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Nollaig 2022 i Nua-Eabhrac, ábhair ar aistrigh na Ballstáit inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach**

1. Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta, atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici ar ábhair áirithe atá faoi rialú an Choinbhinsiúin seo, foráiltear le hAirteagal 18(1) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long go bhféadfaidh sí é a shíniú ar choinníoll go ndéanfaidh sí an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 18(2). Chinn an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long a shíniú agus tá an dearbhú sin á dhéanamh aige leis seo.

2. Is iad na tíortha seo a leanas Ballstáit reatha an Aontais Eorpaigh: Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, [Éire], an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne

3. Ach i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl Ríocht na Danmhairge faoi cheangal ag cinneadh an Aontais Coinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long a shíniú.

4. Níl an dearbhú seo infheidhme maidir le críocha na mBallstát nach bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh iontu agus tá sé gan dochar do cibé gníomhartha nó seasaimh a fhéadfaidh na Ballstáit i dtrácht a ghlacadh, thar ceann na gcríoch sin agus ar mhaithe leo, faoi Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long.

5. Maidir le hábhair atá faoi rialú Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach ar fhorálacha áirithe den Choinbhinsiún. Go háirithe, ghlac sé rialacha maidir le dlínse agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas[1] (go háirithe Airteagal 9 de Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long '*Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint agus a chur ar fionraí*') agus maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta agus thráchtála (go háirithe Airteagal 4 de Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long '*Fógra maidir le díol breithiúnach*')[2].

6. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh, de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is rud é a dtarlódh dó ó nádúr a bheith

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, IO L 351, 20.12.2012, lgh. 1–32.

[2] Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála, IO L 405, 2.12.2020, lch. 40–78.

ag forbairt leis go leanúnach. Faoi chuimsiú na gConarthaí, féadfaidh na hinstitiúidí inniúla cinntí a ghlacadh ina gcinnfear raon inniúlacht an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, coimeádann an tAontas an ceart aige an dearbhú seo a leasú dá réir sin, gan é sin a bheith ina réamhriachtanas chun a inniúlacht a fheidhmiú i ndáil le hábhair atá faoi rialú Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long.